



An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh  
*faisnéis · comhairle · tacaíocht*

# Treoir maidir le teidlíochtaí do dhaoine níos sine ná sine ná seasca bliain d'aois



# Conas an leabhrán seo a úsáid

Tugtar cuntas sa leabhrán seo ar theidlíochtaí do dhaoine breacaosta, chun gur féidir leat teacht ar eolas faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil. Achoimre atá ann, seachas treoir iomlán.

Is féidir leat eolas breise a fháil ar gach ceann de na hábhair a phléitear sa leabhrán seo agus ar an eolas is cothroime le dáta ar thacaíochtaí COVID-19 ó:

- D'Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh áitiúil
- An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0818 07 4000
- Ar líne ag **citizensinformation.ie**



Úsáidimid cóid mhearfheagartha leis an leabhrán clóite seo a nascadh le heolas níos mionsonraithe ar líne. Is féidir leat na cóid mhearfheagartha sa treoir a scanadh le do ghuthán go dtabharfar thú go dtí an leathanach ábhartha ar [citizensinformation.ie](http://citizensinformation.ie).

Is féidir leat teacht ar an leagan ar líne den leabhrán seo tríd an gcód mearfheagartha thíos a scanadh.



# Clár Ábhar

Íocaíochtaí do dhaoine breacaosta	2
Cúramóirí	7
Seirbhísí sláinte	8
Ag bogadh isteach i gcúram cónaithe	10
Tithíocht	11
Iompar	14
Cáin	16
Scor	19
Pinsin ghairme agus phearsanta	21
Cinnteoireacht	23
Ceisteanna dlí eile	25
Gearáin agus achomhairc	27
Eolas breise	28
Nótaí	29

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a d'fhoilsigh an treoir seo. Ní bheartaítear go bhfuil an t-eolas ach mar threoir ghinearálta amháin ach ní léirmhíniú dlíthiúil é.

Eanáir 2022

# Íocaíochtaí do dhaoine breacaosta

Chun cáiliú do roinnt íocaíochtaí leasa shóisialaigh, caithfidh gur íoc tú dóthain ranníocaíochtaí **Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC)**. Is féidir a áireamh leo seo ranníocaíochtaí a d'íoc tú fad a bhí tú ag oibriú, **ranníocaíochtaí creidiúnaithe árachais shóisialaigh** agus **ranníocaíochtaí saorálacha**.

Déantar **tástáil mhaoine** ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile agus braitheann cibé acu an gcáilíonn nó nach gcáilíonn tú dóibh ar d'ioncam.

Má cháilíonn tú d'íocaíocht leasa shóisialaigh, b'fhéidir go bhfaighidh tú méid sa bhreise do chleithiúnaí fásta (tugtar **Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe** air seo) agus d'aon leanaí cleithiúnacha (tugtar **Méadú do Leanbh Cáilithe** air seo).

## Pinsin Stáit

Íoctar **Pinsean Stáit (Ranníocach)** le daoine ó aois 66 bliain a bhfuil dóthain ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh íoctha acu. Ní dhéantar tástáil mhaoine air. Is féidir leat ioncam eile a bheith agat agus Pinsean Stáit (Ranníocach) a fháil.

Má d'oibrigh tú in Éirinn agus i stát amháin nó níos mó san AE stáit, b'fhéidir go gcáileoidh tú do phinsean ón dá thír. Mura gcáilíonn tú do phinsean iomlán ó cheachtar tír, is féidir do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh ó gach stát AE a chur san áireamh chun cabhrú leat cáiliú do phinsean Éireannach nó do phinsean ón stát AE eile. Tá a mhacasamhail de **chomhaontuithe déthaobhacha** ag Éirinn le roinnt tíortha neamh-AE.

Mura gcáilíonn tú do Phinsean Stáit (Ranníocach), is féidir leat iarratas a dhéanamh ar **Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)** ar a ndéantar tástáil mhaoine. Ní íoctar é ach le daoine a chónaíonn in Éirinn. Caithfidh tú a bheith 66 bliain d'aois nó níos sine agus caithfidh tú **tástáil ghnáthchónaithe** agus tástáil mhaoine a shásamh chun cáiliú.

Gheobhaidh tú méadú ar do Phinsean Stáit (Ranníocach) nó do Phinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) go huathoibríoch nuair a bhaineann tú aois 80 bliain amach. Cuirtear méadú ar fáil freisin do dhaoine a mhaireann ar oileáin áirithe amach ó chósta na hÉireann.

Má théann tú ar scor ag aois 65 bliain, b'fhéidir go gcáileoidh tú **d'íocaíocht sochair go dtí go mbaineann tú aois 66 bliain amach.**

## Íocaíochtaí cuardaitheora poist

Déantar roinnt soláthairtí speisialta do chuardaitheoirí poist breacaosta. Mar shampla, baineann na rialacha seo a leanas le formhór na gcuardaitheoirí poist atá níos sine ná 62 bliain d'aois:

- Ní gá dóibh síniú gach mí.
- Is féidir leo íocaíocht, cosúil le **Sochar Cuardaitheora Poista** fháil a íoctar go díreach isteach ina gcuntas bainc
- Ní gá dóibh páirt a ghlacadh i bpróiseas gníomhachtaithe poist na Roinne Coimirce Sóisialaí

Is féidir le cuardaitheoirí Poist atá níos sine ná 62 bliain d'aois páirt shaorálach a ghlacadh i ngníomhachtú (mar shampla, cláir oiliúna nó thacaíochta fostaíochta).

Mura gcáilíonn tú d'aon íocaíocht leasa shóisialaigh eile, b'fhéidir go mbeidh tú i dteideal **Liúntas Leasa Forlíontach** ar a ndéantar tástáil mhaoine a fháil.

## Íocaíochtaí breoiteachta agus míchumais

Íoctar roinnt íocaíochtaí le daoine a bhfuil breoiteacht ghearrthéarmach acu. I gcás íocaíochtaí eile, teastaíonn uait a thaispeáint go bhfuil breoiteacht nó míchumas ort a mhairfidh níos faide ná bliain amháin. Cuirtear stop le formhór na n-íocaíochtaí breoiteachta agus míchumais nuair a bhaineann tú aois 66 bliain amach agus b'fhéidir go gcáileoidh tú ansin do phinsean Stáit.

Íocaíochtaí árachais shóisialaigh iad **Sochar Breoiteachta** agus **Pinsean Easláine** atá bunaithe ar do ranniocaíochtaí ÁSPC. Íoctar Sochar Breoiteachta le daoine a bhfuil breoiteacht ghearrthéarmach orthu agus is féidir é a íoc ar feadh a fhaide le 2 bliain.

Íocaíocht fhadtéarmach é Pinsean Easláine do dhaoine a bhfuil breoiteacht nó míchumas tromchúiseach orthu. Is féidir le daoine a bhfuil Pinsean Easláine á fháil acu aistriú go dtí Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) ag aois 66 bliain.

Ní féidir leat oibriú fad a bhíonn Sochar Breoiteachta nó Pinsean Easláine á fháil agat. Má bhí Sochar Breoiteachta á fháil agat (ar feadh ar a laghad 6 mhí) nó Pinsean Easláine á fháil agat agus más mian leat filleadh ar an obair nó ar an bhféinfhostaíocht, caithfidh tú iarratas a dhéanamh ar **Shochar Cumais Pháirtigh**. Tacaíonn an scéim seo le daoine a laghdaíonn a míchumas a gcumas chun oibre. Má cháilítear thú do Shochar Cumais Pháirtigh, is féidir leat d'íocaíocht iomlán nó cuid de d'íocaíocht a choimeád, ag brath ar cé chomh srianta atá do chumas chun oibre.

Íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoiné is ea **Liúntas Míchumais** do dhaoine faoi mhíchumas a mheastar a mhairfidh bliain, ar a laghad, agus cuireann sé srian substainteach ar a gcumas chun oibre. Is féidir leat méid áirithe a thuilleamh ón obair fad a bhíonn Liúntas Míchumais á fháil agat.

Más timpiste nó breoiteacht a bhaineann leis an obair ba chúis le do bhreoiteacht nó míchumas, b'fhéidir go gcaileoidh tú don **scéim Sochair Díobhálacha Ceirde**.

Má tá tú breoite agus mura gcáilíonn tú d'aon íocaíocht, b'fhéidir go mbeidh tú i dteideal **Liúntas Leasa Forlíontach** ar a ndéantar tástáil mhaoiné a fháil.

## Íocaíochtaí a bhaineann le bás

Má fhaigheann duine a raibh íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil acu bás, is féidir lena gcéile, páirtnéir sibhialta nó comháitritheoir leanúint lena n-íocaíocht seo a fháil ar feadh 6 seachtaine i ndiaidh an bháis.

Is féidir Liúntas Cúramóra a íoc ar feadh 12 sheachtain i ndiaidh go bhfaigheann an duine a bhfuil cúram á sholáthar dóibh bás.

Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agat ina raibh íocaíocht á fáil agat freisin (Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe) do do chéile, páirtneír sibhialta nó comháitritheoir, nach maireann, leanann tú leis an ráta íocaíochta céanna a fháil ar feadh 6 seachtaine i ndiaidh a mbáis. Is gnách go n-íoctar é i gcnapshuim.

Íocaíocht sheachtainiúil é **Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)** a dhéantar le céile nó le páirtneír sibhialta duine a fuair bás. Caithfidh gur íoc tú féin nó do chéile nó do pháirtneír sibhialta, nach maireann, dóthain ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Fá-Choibhneasa (ÁSPC) chun cáiliú don íocaíocht seo. Tagann méadú ar d'íocaíocht nuair a bhaineann tú 66 bliain d'aois amach go dtí ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach).

Íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoine é **Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)** a dhéantar le baintreacha, baintreacha fir nó páirtneírí sibhialta marthanacha atá níos óige ná 66 bliain d'aois nach bhfuil leanaí cleithiúnacha acu agus nach gcáilíonn do Phinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh (Ranníocach).

Má tá leanbh cleithiúnach agat, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar **Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora** (má tá do leanbh is óige níos óige ná 7 mbliana d'aois) nó **Íocaíocht Idirthréimhseach Chuardaitheora Poist** (má tá do leanbh is óige níos óige ná 13 bliana d'aois). Caithfidh tú coinníoll an ghnáthchónaithe agus tástáil mhaoine a shásamh agus caithfidh nach bhfuil tú ag comhchónaí don dá íocaíocht.

Íocaíocht aonuaire é **an Deontas Baintrí/Baintreach Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh** a dhéantar le baintreacha, baintreacha fir nó páirtneírí sibhialta marthanacha a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu. B'fhéidir go gcáileoidh tú don deontas seo má tá tú incháilithe íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh a fháil.

## Íocaíochtaí breise

Cáilíonn gach duine atá níos sine ná 70 bliain d'aois a chónaíonn in Éirinn don **Phacáiste Sochair Teaghlaigh**. Cáilíonn roinnt daoine atá níos óige ná 70 bliain d'aois don phacáiste freisin. Liúntas gáis nó leictreachais agus saorcheadúnas teilifíse atá sa Phacáiste Sochair Teaghlaigh.

Íocaíocht sheachtainiúil fhorlíontach é **an Méadú do Mhaireachtáil Aonair** a dhéantar le daoine a bhfuil íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh a bhfáil acu agus a mhaireann leo féin.

Cabhraíonn **an Liúntas Breosla** le teaghlaigh a bhraitheann ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh fadtéarmacha íoc as téamh sa gheimhreadh.

Má tá Méadú do Mhaireachtáil Aonair á fháil agat agus má cháilíonn tú freisin don Liúntas Breosla, gheobhaidh tú **Liúntas Tacaíochta Gutháin**.

Má bhaineann tú aois 100 bliain amach, b'fhéidir go bhfaighidh tú **Deontas do Dhaoine in Aois a gCéid**. Bronnadh é seo a dhéanann Uachtarán na hÉireann ar dhaoine a chónaíonn in Éirinn (gan aird ar a náisiúntacht) agus ar shaoránaigh Éireannacha a rugadh ar oileán na hÉireann lena mbreithlá 100 bliain a cheiliúradh.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi íocaíochtaí leasa shóisialaigh.





# Cúramóirí

B'fhéidir go dteastóidh cúram agus aird lánaimseartha ó roinnt daoine agus is cúramóirí iad go leor daoine breacaosta. Má tá cúram á thabhairt agat do dhuine éigin, b'fhéidir go gcaileoidh tú d'íocaíocht chúramóra. Is iad an dá phríomhíocaíocht do dhaoine a sholáthraíonn cúram lánaimseartha:

- **Sochar Cúramóra** (bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC)
- **Liúntas Cúramóra** (ar a ndéantar tástáil mhaoine).

B'fhéidir go mbeidh tú i dteideal **Liúntas Cúramóra ar leathráta** a fháil freisin má tá íocaíocht leasa shóisialaigh eile á fáil agat agus má tá cúram á thabhairt agat do dhuine éigin a dteastaíonn cúram lánaimseartha uathu. Mar shampla, is féidir Liúntas Cúramóra ar leathráta a íoc le pinsean Stáit.

Is féidir **Liúntas Cúraim Baile** a íoc le daoine a thugann aire do leanbh 16 bliana d'aois atá faoi mhíchumas trom.

D'fhéadfadh cúramóirí cáiliú do **Dheontas Tacaíochta Cúramóra** bliantúil (tugadh an Deontas Cúraim Faoisimh air roimhe seo).

B'fhéidir go mbeidh cúramóirí ábalta saoire neamhíochta a ghlacadh ón obair ar feadh a fhaide le 2 bhliain chun cúram a thabhairt do dhuine óna dteastaíonn cúram agus aird lánaimseartha. Tugtar **saoire chúramóra** air seo.

Is féidir leat **faoiseamh cánach a fháil freisin ar an gcostas atá ar chúramóir a fhostú.**

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil  
faoi íocaíochtaí a dhéantar le cúramóirí.



# Seirbhísí sláinte

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freagrach as seirbhís sláinte poiblí agus sóisialacha pearsanta a sholáthar. Cé go soláthraíonn FSS roinnt seirbhísí go díreach, cuireann eagraíochtaí deonacha go leor de na seirbhísí pobail, cónaithe agus oiliúna athshlánúcháin ar fáil le cistiú ó FSS.

Tá tú i dteideal seirbhísí sláinte a fháil má bhíonn **gnáthchónaí** ort in Éirinn. Tá gnáthchónaí ort má bhí cónaí ort in Éirinn ar feadh bliain amháin, ar a laghad, nó má bheartaíonn tú cónaí in Éirinn ar feadh bliain amháin, ar a laghad.

## Cabhair a fháil le híoc as an gcostas atá ar chóireáil

Tugtar **cártaí leighis** do dhaoine a bhfuil ioncaim ísle acu agus le roinnt daoine a cháilíonn ar fhorais eile. Bronnann cárta leighis teidlíocht ort go leor seirbhísí sláinte a fháil saor in aisce. Áirítear leo seo seirbhísí DG (dochtúir teaghlaigh), drugaí áirithe ordaithe, agus seirbhísí ospidéil phoiblí. Is airde na teorainneacha ioncaim do dhaoine atá níos sine ná 70 bliain d'aois ná mar atá na teorainneacha ioncaim a bhaineann le daoine atá níos óige ná 70 bliain d'aois.

Mura bhfuil tú incháilithe do chárta leighis, b'fhéidir go mbeidh tú incháilithe **cárta cuairte DG** a fháil. Bronnann an cárta teidlíocht ort cuairteanna saor in aisce a thabhairt ar DGanna rannpháirteacha. Tá an cárta cuairte DG ar fáil do gach duine atá níos sine ná 70 bliain d'aois gan tástáil ioncaim.

Má tá cárta leighis agat, tá tú i dteideal **cógais fhorordaithe** a fháil, ach i bhformhór na gcásanna, caithfidh tú muirear oidis a íoc. Mura bhfuil cárta leighis agat, is féidir leat clárú don **Scéim Íocaíochta Drugaí**, a íocann as costais oidis faoi réir teorainn shocraithe mhíosúil. Faoin **Scéim Breoiteachta Fadtéarmaí**, is féidir le daoine ar a bhfuil **riochtaí áirithe** cógais agus fearais saor in aisce a fháil do na ríochtaí siúd.

Má tá cárta leighis agat, is féidir le FSS cabhrú le híoc as an gcostas atá ar **áiseanna agus fearais** leighis agus mháinliachta a cheannach

a theastaíonn uait (mar shampla, cathaoireacha rothaí agus áiseanna siúil). Má cheannaíonn tú áiseanna agus fearais áirithe, b'fhéidir go mbeidh tú in ann **aisíocaíocht CBL** a éileamh.

D'fhéadfadh **an Scéim Sochair Cóireála** íoc as seirbhísí **fiacloireachta, éisteachta** agus **súl** duit má tá dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat. Tabharfar tacaíocht le costas bréagfholt nó córais ionadaithe gruaige mar gheall ar bhreiteacht faoin Scéim i Meitheamh 2022.

## Táillí ospidéil

Gearrtar **táillí d'ospidéil poiblí** ach tá roinnt daoine díolmhaithe, sealbhóirí cárta leighis san áireamh. Gearrann ospidéil phríobháideacha a dtáillí féin agus íocann go leor daoine na táillí seo trí **árachas sláinte**.

## Seirbhísí cúraim pobail

Cabhraíonn **seirbhísí cúraim pobail** leat leanúint ag cónaí i do phobal nuair a d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith agat amhlaidh a dhéanamh mar gheall ar bhreiteacht, míchumas nó aois.

Áirítear le seirbhísí cúraim pobail **altraí sláinte poiblí, oibríthe sóisialta, teiripeoirí saothair, seirbhísí cúntóir baile, seirbhísí cosliachta, seirbhísí urlabhra agus teanga, cúram faoisimh agus cúram lae**. Tugtar **an tSeirbhís Tacaíochta Baile** ar shraith seirbhísí a chuireann FSS ar fáil chun cabhrú le duine breacaosta cúram a fháil ina n-áit chónaithe féin.

Tá éagsúlacht fhairsing ann sa soláthar seirbhísí cúraim pobail agus níl gach ceann díobh ar fáil i ngach ceantar.

Is féidir eolas breise a fháil faoin méid atá ar fáil go háitiúil trí fhiafraí de d'Oifig Sláinte Áitiúil, Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh nó DG.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi sheirbhísí sláinte.



# Ag bogadh isteach i gcúram cónaithe

Is gnách go ndéanann FSS tithe altranais príobháideacha a reáchtáil agus déantar tithe altranais príobháideacha a reáchtáil go príobháideach. Caithfidh tithe altranais poiblí agus príobháideacha cloí leis na caighdeáin chéanna agus déanann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) cigireacht ar an leibhéal céanna.

Cabhraíonn **an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (an STTA)**, ar a dtugtar an Margadh Cothrom freisin, le daoine íoc as a gcúram teach altranais fadtéarmach. Déanann FSS an scéim a reáchtáil.

Déanann tú ranníocaíocht faoin STTA i dtreo chostas do chúraim agus íocann an Stát an t-iarmhéid. Íocann an scéim as gach teach altranais faofa.

Sula n-aistrítear isteach go teach altranais thú, déantar comhaontú ar chonradh cúraim idir tú féin agus an teach altranais. Leagtar amach sa chonradh seo na téarmaí do do chúram agus do leas agus caithfear a áireamh sonraí faoi na seirbhísí atá le soláthar agus na táillí atá le gearradh.

Má tá táillí teach altranais á n-íoc agat, duit féin nó do dhuine eile, is féidir faoiseamh ó cháin ioncaim a éileamh ar na táillí faoin **scéim faoisimh ó chostais leighis**.

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) freagrach as **gach seirbhís cúraim cónaithe do dhaoine breacaosta a chlárú agus cigireacht a dhéanamh orthu**. Áirítear leis seo tithe altranais poiblí, príobháideacha agus deonacha.

Cóiríocht do dhaoine a bhfuil riachtanais ar leith acu í **sciath-thithíocht**. Tugann foireann íoctha tacaíocht do chónaitheoirí ina gcóiríocht. Is féidir tithíocht scoir a thabhairt uirthi freisin.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi sheirbhísí sláinte do dhaoine breacaosta agus faoi chúram teach altranais.



# Tithíocht

## Deontais chun d'áit chónaithe a oiriúnú

Más duine breacaosta thú a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta agat, nó má tá tú faoi mhíchumas, b'fhéidir go mbeidh tú in ann cabhair airgeadais a fháil le hathruithe a dhéanamh ar d'áit chónaithe go ndéanfar níos oiriúnaí é do do riachtanais.

Cistíonn **an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas** athruithe ar gá iad a dhéanamh ar áit chónaithe go mbeidh sé oiriúnach do dhuine ag a bhfuil deacracht fhisiciúil, chéadfach nó mhíchumais intleachta nó mheabhairshláinte.

Mura dteastaíonn ach mionobair uait chun déileáil le saincheisteanna soghluaisteachta atá agat sa bhaile, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar **Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta** ina ionad sin.

Tá **an Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta** dírithe ar dhaoine atá níos sine ná 66 bliain le feabhas a chur ar an mbail atá ar a n-áit chónaithe, ach d'fhéadfadh sé baint le daoine faoi 66 bliain d'aois i gcásanna cruatain.

Tá **aisíocaíochtaí CBL ar fáil d'áiseanna agus fearais** a úsáideann daoine faoi mhíchumas. Baineann an scéim aisíocaíochta seo leis an gcostas atá ar obair shuiteála agus oiriúnaithe.

Cuireann **an Scéim Foláirimh do Sheanóirí** tacaíocht deontais ar fáil d'aláram pearsanta ar a ndéantar monatóireacht chun cabhrú le daoine breacaosta maireachtáil go slán ina dtithe.

## Áit chónaithe níos teo agus níos glaise

Cuireann **an Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr** deontais ar fáil d'úinéirí tí a dtithe a uasghrádú le réitigh choigilte fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite. Má tá áit chónaithe ar cíos agat, b'fhéidir go mbeidh do thiarna talún in ann deontas a fháil faoin scéim.

Cistíonn **an Scéim Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo** uasghráduithe fuinnimh d'úinéirí tí a bhfuil ioncaim ísle acu.

## Áit chónaithe a fháil ar cíos

Má tá ísealioncam agat agus má theastaíonn áit éigin uait le cónaí ann, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar **thithíocht údaráis áitiúil**, a dhéantar a leithdháileadh de réir riachtanais. Go ginearálta, cuireann údaráis áitiúla san áireamh nuair a thugtar tús áite d'iarratais ar thithíocht. Cuireann roinnt údaráis áitiúla agus **eagraíochtaí deonacha** tithíocht ar fáil do dhaoine breacaosta. Tá cíosanna bunaithe ar do chumas íochta.

Má cháilítear thú do thacaíocht tithíochta sóisialta ach má tá tithíocht shóisialta oiriúnach agat i do cheantar, ba cheart duit iarratas a dhéanamh maidir le **híocaíocht Cúnaimh Tithíochta (an ÍCT)**. Faoin ÍCT, socraíonn tú áit chónaithe a fháil ar cíos ó thiarna talún príobháideach. Íocann an t-údarás áitiúil do thiarna talún go díreach agus íocann tú ranníocaíocht chíosa leis an údarás áitiúil, bunaithe ar do chumas chun íoc.

Íocaíocht é **Forlíonadh Cíos** do dhaoine i gcóiríocht phríobháideach nach féidir leo íoc as an gcíos iomlán. Má tá Forlíonadh Cíos á fháil agat ar feadh tréimhse fhada, d'fhéadfá a bheith incháilithe **an Scéim Cóiríochta Cíos (an SCC)** a fháil, a sholáthraíonn tithíocht fhadtéarmach faoi chomhaontuithe idir an t-údarás áitiúil agus tiarnaí talún. Nó, is féidir iarraidh ort aistriú go dtí an ÍCT.

## Riaráistí morgáiste

Má tá riaráistí morgáiste agat, ba cheart duit labhairt le d'iasachtóir. Caithfidh d'iasachtóir cloí le **Cód Iompair ar Riaráistí Morgáiste (CIRM) an Bhainc Cheannais** agus lena **Chód um Chosaint Tomhaltóirí 2012** nuair a dhéileáiltear leat agus nuair a bhíonn do chás á athbhreithniú.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis **an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA)** chun cabhair a fháil déileáil le d'fhiachas. Is féidir le scéim **Abhaile**, atá ar fáil tríd an SBCA, go leor seirbhísí a chur ar tairiscint, comhairle airgeadais, dlí agus dócmhainneachta san áireamh.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil  
faoi dheontais agus scéimeanna tithíochta.



# Iompar

## An bus agus an traein

Tá **an Scéim Saorthaistil** ar fáil do gach duine atá os cionn aois 66 bliain agus do dhaoine faoi 66 bliain faoi mhíchumas. Cheadaíonn an Scéim duit taisteal, saor in aisce, ar iompar poiblí agus ar roinnt seirbhísí bus agus bád farantóireachta príobháideacha in Éirinn. Mura féidir leat taisteal leat féin ar chúiseanna leighis, is féidir leat saorthaisteal a fháil do chompánach, a cheadaíonn do dhuine ar bith níos sine ná 16 bliana taisteal leat.

Má cháilítear thú do Shaorthaisteal, beidh 'FT' (a thugann Free Travel le fios) scríofa sa chúinne uachtarach ar chlé ar do **Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP)**. Tugann an litir a leanann é le fios cé ar féidir leat a thabhairt leat:

- FT-P - is féidir leat taisteal saor in aisce
- FT+S - is féidir le do chéile, pháirtneir nó chomháitritheoir taisteal leat saor in aisce
- FT+C - is féidir le compánach (atá níos sine ná 16 bliana) taisteal leat saor in aisce



## Gluaisteán

Braitheann cé chomh fada a bhíonn do **cheadúnas tiomána** bailí ar d'aois. Bíonn rialacha éagsúla i gceist do dhaoine faoi 60 bliain d'aois, daoine idir 60 agus 67 bliain d'aois, daoine idir 67 agus 70 bliain d'aois agus daoine níos sine ná 70 bliain d'aois.

D'fhéadfadh tiománaithe nó paisinéirí faoi mhíchumas a bheith incháilithe don **Chárta Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas** agus **Faoiseamh Cánach do Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas** a fháil. Má fhaigheann tú an faoiseamh cánach seo, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar phas saor in aisce do dholabhóithre trí theagmháil a dhéanamh leis an oibreoir dolabhóithre is gaire duit.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi iompar



# Cáin

Má tá tú níos sine ná 65 bliain d'aois, íocann tú cáin ioncaim ar an ngnáthbhealach. Tá **teorainneacha maidir le díolúine chánach ann do dhaoine atá níos sine ná 65 bliain** agus tá roinnt creidmheasanna cánach breise ann. Má tá d'ioncam faoi bhun theorainn na díolúine, ní íocfaidh tú cáin air.

## Cáin a íoc

Tá ioncam ó beagnach gach foinse inchánach. Áirítear leis seo na híocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh go léir, cosúil le Pinsean Stáit agus Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh. Laghdaíonn creidmheasanna agus faoiseamh cánach an méid cánach a íocann tú.

Más í íocaíocht leasa shóisialaigh an t-aon ioncam atá agat, b'fhéidir nach mbeidh ort cáin a íoc mar gheall gur mó na creidmheasanna cánach a fhaigheann tú ná an cháin atá le híoc agat. Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh agus foinse ioncaim eile agat, b'fhéidir go mbeidh ort cáin a íoc, mar gheall go bhfuil **go leor íocaíochtaí leasa shóisialaigh inchánach**.

Ní íocann daoine níos sine ná 66 bliain **Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC)**. Má tá tú níos óige ná 66 bliain d'aois, tá tú faoi dhliteanas ÁSPC a íoc ar d'ioncam ó fhostaíocht, féinfhostaíocht agus ioncam neamhthuillte (mar shampla, ioncam ó chíosanna nó infheistíochtaí agus ús ar choigilteas).

Íocann sealbhóirí cárta leighis agus daoine níos sine ná 70 bliain d'aois a bhfuil ioncam acu atá faoi bhun theorainn áirithe ráta laghdaithe de **Mhuirear Sóisialta Uilíoch**.

## Faoiseamh cánach agus creidmheasanna cánach

Laghdaíonn faoiseamh cánach agus creidmheasanna cánach an méid cánach is gá duit a íoc.

Is féidir leat **faoiseamh cánach ar chostais leighis** a éileamh a íocann tú duit féin nó do dhuine eile, billí dochtúirí, drugaí, fearais, agus costais ospidéal agus teach altranais san áireamh.

B'fhéidir go mbeidh tú in ann **aisíocaíocht Cháin Bhreisluacha (CBL) ar áiseanna agus ar fhearais** a éileamh.

Tá **creidmheasanna cánach méala** ar fáil do bhaintrí/bhaintreach fir nó do pháirtneír sibhialta marthanach.

Tá **an Creidmheas Cánach do Chúramóirí Baile** ar fáil do lánúineacha pósta nó páirtneírí sibhialta, má oibríonn duine amháin díobh sa bhaile agus cúram á thabhairt acu do dhuine atá níos sine ná 65 bliain, leanbh, nó do dhuine atá faoi mhíchumas óna dteastaíonn cúram.

Tá **faoiseamh cánach ar fáil chun cúramóir a fhostú**.

Is féidir leat **Creidmheas Cánach Aoise** a éileamh anuas ar do chreidmheas cánach pearsanta a luaithe a bhaineann tú féin nó do pháirtneír sibhialta 65 bliain d'aois amach.

D'fhéadfadh **Creidmheas Cánach do Ghaol Cleithiúnach** a bheith i gceist má sholáthraíonn tú na costais a bhíonn ar mhaireachtáil laethúil do:

- Gaol nach féidir leo aire a thabhairt dóibh féin mar gheall ar sheanaois, breoiteacht nó mar gheall go bhfuil siad faoi mhíchumas.
- Mac nó iníon a chónaíonn leat agus a mbraitheann tú orthu mar gheall ar do sheanaois nó drochshláinte

D'fhéadfadh **Gníomhais Chúnaint** coigilteas cánach a sholáthar nuair a thugann duine amháin airgead do dhuine eile atá níos sine ná 65 nó atá ar éagumas go buan.

D'fhéadfadh **ciste iontaobhais** a shocraítear ar mhaithe le duine atá go hiomlán agus go buan ar éagumas a bheith díolmhaithe ó cháin.

Má tá tú 65 bliain d'aois nó ar éagumas go buan agus mura n-íocann tú cáin mar gheall go bhfuil ioncam íseal agat, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó **Cháin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)**, a ghearrtar ar ús a thuilltear ar choigilteas.

Tá **faoiseamh cánach ar phinsin** ar fáil do ranníocaíochtaí le pinsin ghairme, pinsin phearsanta agus Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna). Baineann méid an fhaoisimh le haois. Má fhaigheann tú cnapshuim ar scor, cuirtear teorainn ar an méid den cnapshuim sin atá saor ó cháin.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil  
faoi chánachas i measc daoine breacaosta.



# Scor

## Aois scoir

Níl aon **aois scoir** amháin ann agus is í an ghnáthaois scoir i gconarthaí fostaíochta 65 bliain. Ceadáítear in go leor conarthaí dul ar scor go luath tar éis aois 60 bliain (Nó i gcásanna áirithe, tar éis 55 bliain d’aois). Ceadáíonn an tromlach conarthaí do dhaoine freisin dul ar scor go luath ar chúiseanna sláinte.

Bíonn aois éigeantach scoir i roinnt conarthaí fostaíochta – an aois nach mór duit dul ar scor. Is féidir le fostóir aois scoir éigeantach a shocrú más féidir leo a thaispeáint go bhfuil údar hoibiachtúil leis. Leagtar seo amach sa reachtaíocht chomhionannais fostaíochta, a chosnaíonn **comhionannas aoise** i bhfostaíocht.

## Pinsin Stáit

Tá an Pinsean Stáit (Ranníocach) agus an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) iníoctha ó aois 66 bliain. Is féidir le daoine breacaosta ar gá dóibh dul ar scor ag aois 65 bliain **cáiliú d’íocaíocht** go dtí go mbaineann siad aois an Phinsin Stáit amach. Má tá tú **ag oibriú agus tú ar scor**, bíonn na **cearta fostaíochta** céanna agat a bhíonn ag gach duine eile.

Ní dhéanann ioncam ó fhostaíocht difear do Phinsin Stáit (Ranníocach). Is féidir an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) a laghdú má tá ioncam eile agat, ach ceadáítear duit roinnt ioncain a thuilleamh ón obair sula ndéanann sé difear do d’íocaíocht.

Má roghnaíonn tú dul ar luathscor, b’fhéidir go mbeidh ort dul i mbun beart lena chinntiú **go leanann tú de bheith i dteideal pinsean leasa shóisialaigh a fháil**.

Mura bhfuil aon dul as agat ach dul ar scor go luath, is féidir leat a mheas go bhfuil tú **dífhostaithe**, seachas imithe ar scor agus b'fhéidir go dteastaíonn eolas uait faoi shochair do dhaoine dífhostaithe, cosúil le **Sochar Cuardaitheora Poist** nó **Liúntas Cuardaitheora Poist**. Má dhéantar iomarcach thú, b'fhéidir go gcáileoidh tú do **chnapshuim iomarcaíochta reachtúla** a fháil.

## Ullmhú don scor

Cuireann roinnt eagraíochtaí ar fud na tíre cúrsaí réamhscoir ar fáil a d'fhéadfadh cabhrú leat chun ullmhú do dhul ar scor.

Cuireann réimse **eagraíochtaí gníomhaíochta lucht scoir** gníomhaíochtaí oideachais agus fóillíochta chun cinn do dhaoine ar scor.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi scor



# Pinsin ghairme agus phearsanta

Is féidir leat a bheith i do bhall de scéim pinsin gairme nó b'fhéidir go bhfuil Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) nó pinsean pearsanta agat.

Déanann fostóirí **pinsin ghairme** a shocrú chun pinsin a sholáthar d'fhostaithe ar dhul ar scor dóibh nó do chleithiúnaithe marthanacha ar bhás fostaí. Is féidir leo a bheith ina bpinsean ranníocach nó neamh-ranníocach. I gcás scéimeanna ranníocacha, íocann tú féin agus d'fhostóir ranníocaíochtaí i dtreo na scéime. I gcás scéimeanna neamh-ranníocacha, ní ranníocann tú ach ranníocann d'fhostóir.

Is féidir le daoine fostaíthe nach bhfuil scéim pinsin gairme nó le daoine féinfhostaithe **Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna)** agus **pinsin phearsanta** eile a shocrú ar bhonn aonair.

## Sochair phinsin

Is éard is **scéim pinsin le sochar sainithe** ná scéim ina socraítear an pinsean a gheobhaidh tú nuair a rachaidh tú ar scor roimh ré, mar shampla, agus tagairt á déanamh do do thuilleamh, fad do sheirbhíse, innéacs, nó méid seasta.

Is éard is **scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe** ná scéim ina socraítear an ranníocaíocht a dhéanann tú le do phinsean ach nach bhfuil méid an phinsin a gheobhaidh tú socraithe roimh ré.

Tá ort teagmháil a dhéanamh leis an soláthraí pinsin, de ghnáth, lena dheimhniú go díreach cén sochair a sholáthraíonn do phinsean duit.

Is é **an tÚdarás Pinsean** an comhlacht rialála do phinsin ghairme agus CCSPanna. Má bhíonn gearán agat, cuirfidh an tÚdarás comhairle ort faoi do chearta. Déanann an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsin gearáin imscrúdú agus cinneadh faoi ghearáin a bhaineann le pinsin ceirde agus CCSPanna.

## Cáin agus pinsin

Is féidir leat **faoiseamh cánach ar ranníocaíochtaí pinsin** a fháil. B'fhéidir go mbeidh ort **cáin a íoc ar d'íocaíochtaí pinsin** nuair a fhaigheann tú iad.

Má bhíonn gearán agat, cuirfidh an tÚdarás Pinsean comhairle ort faoi do chearta. Déanann an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsin gearáin imscrúdú agus cinneadh faoi ghearáin a bhaineann le pinsin ceirde agus CCSPanna.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil  
faoi phinsin





# Cinnteoireacht

Tá an ceart ag gach duine fásta cinntí a dhéanamh faoina saol, a n-airgeadas agus a gcúram pearsanta agus sláinte.

Má theastaíonn tacaíocht uait le cinnteoireacht, ar chúis ar bith, tá socruithe éagsúla dlíthiúla ar fáil is féidir leat a dhéanamh go ndéanfaidh duine eile na rudaí seo thar do cheann. Tá roinnt de na socruithe seo teoranta agus bronnann cinn eile cumhachtaí i bhfad níos fairsinge ort.

## Leas sóisialach

Más féidir leat do ghnóthaí airgeadais féin a bhainistiú ach mura féidir leat d'íocaíocht leasa shóisialaigh a bhailiú i bpearsan, is féidir leat **gníomhaire a cheapadh le d'íocaíocht leasa shóisialaigh a bhailiú** duit, cibé acu ar bhonn gearrthéarmach nó fadtéarmach. Is féidir gníomhaire a cheapadh freisin mura féidir leat do ghnóthaí airgeadais féin a bhainistiú.

## Cumhacht aturnae

Cáipéis í **cumhacht aturnae** ina dtugann tú féin (an deontóir) údarú do dhuine eile (an deonaí nó an t-aturnae) chun gníomhú duit i gceisteanna áirithe ar aon dul leis na téarmaí a leagtar amach sa cháipéis.

Is féidir le teorainn a bheith ar chumhacht aturnae i leith cuspóir ar leith, mar shampla, do theach a dhíol agus tú as láthair, nó is féidir leis a bheith níos ginearálta, mar shampla, an chumhacht a thabhairt don aturnae cinntí a dhéanamh do beagnach gach rud a dhéanfaí féin.

Cumhachtaí aturnae í **cumhacht aturnae sheasmhach** a dhéanann tú féin (an deontóir) nuair atá an cumas meabhrach agat agus ní bheartaítear an chumhacht sin a chur i bhfeidhm ach má éiríonn tú éagumasach ó thaobh meabhrach. Caithfidh an chumhacht seo ceanglais dhlíthiúla eile a shásamh. Caithfidh Cláraitheoir na gCoimircithe Cúirte cumhacht aturnae sheasmhach a chlárú.

## Iontaobhais

Is féidir réadmhainn, sócmhainní airgid san áireamh, a choimeád in **iontaoibh** thar ceann duine eile nó ar chuspóir ar leith.

## Coimircithe cúirte

Is é an córas **Coimircithe Cúirte** an t-aon bhealach is féidir cinnteoir ionaid a chur i bhfeidhm ar dhuine fásta. Go ndéanfar Coimircí Cúirte díot, caithfidh tú a bheith "mímheabhrach" agus caithfidh nach féidir leat tú féin nó do réadmhainn a bhainistiú.

Go ginearálta, ní féidir tabhairt faoi ghnáthaimh leighis agus mháinliachta gan toiliú feasach othar fásta a bheith agat. Má theastaíonn cóir leighis ó Choimircí óna dteastaíonn foirm thoilithe ag an ospidéal, ba cheart don ospidéal cead a fháil ó Uachtarán na hArd-Chúirte. I gcásanna éigeandála, b'fhéidir nach mbeidh sé indéanta cead a fháil. Sa chás seo, ba cheart go mbeadh gnáthbhreithnithe leighis i gceist.

## Seirbhísí Tacaíochta Cinnteoireachta

Tá forálacha nua maidir le cinnteoireacht chuidithe agus **treoracha réamhchúirte** le cur i bhfeidhm in 2022 (faoi **Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015**). Bunaítear san Acht freisin **an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta** a chuirfidh cearta agus leasanna daoine chun cinn a bhféadfadh go dteastaíonn tacaíocht uathu le cinnteoireacht agus feidhmeanna eile nuair a thiocfaidh na socrúithe nua i bhfeidhm.

# Ceisteanna dlí eile

## Comhionannas

Tá idirdhealú in aghaidh an dlí sa reachtaíocht chomhionannais ar roinnt foras, aois san áireamh.

## Seirbhís ghiúiré

Go ginearálta, caithfidh daoine níos óige ná 65 bliain d'aois atá ar an gclár toghthóirí **seirbhís ghiúiré** a dhéanamh. Má tá tú níos sine ná 65 bliain d'aois, tá tú insaortha de cheart. Ciallaíonn seo gur féidir gairm ort fónamh i ngiúiré agus gur féidir leat é sin a dhéanamh, ach is féidir leat a insint don chúirt mura mian leat fónamh.

## Uacht a dhéanamh

Tá sé an-tábhachtach **uacht** a dhéanamh lena chinntiú go sásaítear do mhianta. Déanann sé níos éasca agus níos saoire é d'eastát a riar freisin.

Tá ceart ag céile nó páirtneir sibhialta rud ar a dtugtar **sciar an chirt dhlíthiúil** d'eastát a gcéile nó a bpáirtnéara shibhialta mhairbh a fháil. Mura bhfuil aon leanaí ann, bíonn an céile nó an páirtneir sibhialta i dteideal leath an eastáit a fháil. Má tá leanaí ann, bíonn an céile nó an páirtneir sibhialta i dteideal an tríú cuid den eastát a fháil.

Má chuirtear ar an eolas thú go bhfuil uacht déanta ag do chéile nó páirtneir sibhialta nach n-aithníonn do sciar den cheart dlíthiúil, is féidir leat do cheart a éileamh fós féin.

Tá rialacha socraithe ann faoin méid a dhéantar le d'eastát mura bhfuil uacht déanta agat – is é an téarma dlíthiúil go bhfuair tú bás **díthiomnach**.

Baintear cearta comharbais de chéile nó páirtnéir sibhialta ar **cholscaradh** nó ar **pháirtnéireacht shibhialta a scaoileadh**. Nuair a dhéanann an chúirt meas ar shaincheisteanna ar nós cothabhála agus réadmhaoine, áfach, caithfidh sí aon sochar a chailleann céile nó páirtnéir sibhialta de bharr an cholscartha nó an scaoilte a chur san áireamh.

Déan scanadh anseo chun eolas breise a fháil faoi uachtanna agus oidhreacht



# Gearáin agus achomhairc

Mura bhfuil tú sásta faoi sheirbhís a fuair tú, nó má bhraitheann tú gur caitheadh go héagórach leat nuair a d'éiligh tú do theidlíochtaí, is féidir leat gearán nó achomharc a dhéanamh. Is féidir leat cabhair a fháil le gearán nó achomharc a dhéanamh ó **d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh**.

## Leas sóisialach

Má dhiúltaítear íocaíocht leasa shóisialaigh duit nó má fhaigheann tú íocaíocht níos ísle ná mar a raibh súil agat leis, is féidir leat an cinneadh a achomharc leis **an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh**.

## Sláinte agus cúram sóisialta

Má theastaíonn uait gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, cuirtear eolas ar fáil ar **healthcomplaints.ie** faoi conas seo a dhéanamh.

## Tithe altranais

Má bhíonn buarthaí ort faoi do chúram i dteach altranais, **is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)**. Is féidir le duine muinteartha a bhfuil buarthaí orthu, nó le duine eile a ghníomhaíonn duit, gearán a dhéanamh thar do cheann.

## Comhlachtaí poiblí agus seirbhísí míchumais

Is féidir leis **an Ombudsman** gearáin faoi chomhlachtaí poiblí a imscrúdú. Faoin Acht um Míchumas, 2005, tá ról ag an Ombudsman le gearáin faoi inrochtaineacht ar sheirbhísí poiblí a imscrúdú.

# Eolas breise

## Ar líne

Is féidir leat eolas breise a fháil ar aon chinn de na hábhair a phléitear sa leabhrán seo ar [citizensinformation.ie](http://citizensinformation.ie).

## An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Má bhíonn ceisteanna agat faoi aon chuid den eolas atá sa leabhrán seo, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh trí ghlaoch ar 0818 07 4000, ó Luan go hAoine, idir 9.00am agus 8.00pm.

## Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Is féidir leat cuairt a thabhairt ar d'Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh áitiúil chun eolas agus comhairle a fháil. Aimsigh an t-ionad is gaire duit ag [centres.citizensinformation.ie](http://centres.citizensinformation.ie).

## An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Is seirbhís neamhspleách, rúnda agus saor in aisce ionadaíoch abhcóideachta í an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (an SAN). Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an SAN trí ghlaoch ar 0818 07 3000. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar [advocacy.ie](http://advocacy.ie)

## An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA)

Seirbhís saor in aisce rúnda atá sa tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid do dhaoine a bhfuil fiachas acu nó atá i mbaol fiachas a chruthú. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Líne Chabhrach an SBCA trí ghlaoch ar 0818 07 2000, idir 9am agus 8pm, ó Luan go hAoine. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar [mabs.ie](http://mabs.ie)



# Eanáir 2022

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh seirbhísí faisnéise, comhairle agus abhcóideachta neamhspleácha ar fáil ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta trí [citizensinformation.ie](http://citizensinformation.ie), an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an líonra Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh (IFSanna) atá ar fud na tíre. Tá sé freagrach as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid agus an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas.

## Faisnéis do Shaoránaigh



[citizensinformation.ie](http://citizensinformation.ie)



0818 07 4000

ó Luan go hAoine, 9am-8pm



Glaigh ar nó seol ríomhphost  
chuig do IFS áitiúil



Is féidir leat eolas breise a fháil ar na hábhair go léir a phléitear sa leabhrán seo ar [citizensinformation.ie](http://citizensinformation.ie).

## An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Príomhoifig  
Urlár na Talún  
Teach Ché Sheoirse  
43 Sráid Chnoc na Lobhar  
Baile Átha Cliath 2  
D02 VK65

t: 0818 07 9000  
f: 01 605 9099  
r-phost: [info@ciboard.ie](mailto:info@ciboard.ie)  
gréasán:  
[citizensinformationboard.ie](http://citizensinformationboard.ie)